Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

## CUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018
## ACHT NA mBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ)
## NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 GO 2019

**ATHFHÓGRA MAIDIR LEIS AN AIGHNEACHT A RINNE COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE CHUIG AN BORD PLEANÁLA AR 30 LÚNASA 2019 AR SHONRAÍ BREISE SUNTASACHA MAIDIR LE CÁS UIMHIR THAGARTHA ABP-302848-18**

De réir Alt 51 (2) d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe iarratas ar cheadú chuig An Bord Pleanála an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe.

Cuireadh Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS) ar aghaidh mar chuid den iarratas seo.

Thaisc an t-iarratasóir freagairt ar fhaisnéis bhreise leis an mBord Pleanála an 30 Lúnasa, 2019. Measann an Bord Pleanála go bhfuil faisnéis bhreise shuntasach san fhaisnéis bhreise maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar an timpeallacht. Foilsíodh fógra maidir leis an bhfreagra ar fhaisnéis bhreise ar 20 Meán Fómhair 2019. Athfhógra é seo ar fógra an 20 Meán Fómhair 2019 agus baineann sé leis bhfreagra ar fhaisnéis bhreise céanna a tagraíodh dó i bhfógra an 20 Meán Fómhair 2019.

Is féidir an fhreagairt ar fhaisnéis bhreise, chomh maith leis na cáipéisí iarratais bunaidh, EIAR agus an NIS a scrúdú saor in aisce nó iad a cheannach ar tháille sainithe a íoc (ní bheidh an táille sin níos daoire ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip den chineál sin a dhéanamh) le linn na n-uaireanta oscailte ar feadh tréimhse seacht seachtaine ag tosú ar an 6 Nollaig 2019 go dtí an 24 Eanáir 2020 sna háiteanna seo a leanas:

Oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh.

Leabharlann Chathair na Gaillimhe, Sráid San Aibhistín, Gaillimh.

Leabharlann an Taoibh Thiar, Bóthar Shéamais Uí Chuirc, Gaillimh

Oifig Tionscadal Bhóithre Náisiúnta na Gaillimhe, (Comhairle Chontae na Gaillimhe), Teach Corparáideach, Páirc Gnó Oirthear na Cathrach, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh.

Is féidir féachaint ar an gcáipéisíocht nó í a íoslódáil óna láithreáin gréasáin seo a leanas:

- Láithreán gréasáin An Bord Pleanála's ar www.pleanala.ie/casenum/302848.htm
- www.n6galwaycityringroad.ie

Is féidir aighneachtaí nó breithniúcháin maidir leis an bhfreagra ar fhaisnéis bhreise a dhéanamh chuig An Bord Pleanála (An Bord), 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, maidir le:

i. Na himpleachtaí a bheidh ag baint leis an bhforbairt bheartaithe bóthair do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inmharthana.

ii. Na tionchair is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar an timpeallacht.

iii. Na tionchair mhóra is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar láithreán Eorpach, má théitear ina bun.

Ní mór táille €50 a bheith le gach aighneacht/breithniúchán (seachas i gcás roinnt comhlachtaí forordaithe). Níl aon táille i gceist chun aighneacht a chur ar aghaidh i ndáil le páirtithe/ daoine aonair a bhfuil aighneacht bhailí déanta acu i scríbhinn chuig an mBord cheana féin maidir leis an iarratas. Ní mór aighneachtaí nó breithniúcháin a bheith faighte ag an mBord tráth nach déanaí ná 5.30 p.m. an 24 Eanáir 2020. Ní mór don fhaisnéis seo a leanas a bheith sna haighneachtaí/breithniúcháin:

i. Ainm an té atá ag déanamh na haighneachta nó an bhreithniúcháin, ainm an té atá ag gníomhú thar a cheann nó a ceann, más ann, agus an seoladh ar chóir aon chomhfhreagras a bhaineann leis an iarratas a sheoladh chuige.

ii. Ábhar na haighneachta nó an bhreithniúcháin, agus

iii. Na cúiseanna, breithnithe agus argóintí ar a bhfuil an aighneacht nó an tuairim bunaithe ina iomláine.

Ní féidir leis an mBord aon aighneacht ná tuairimí nach gcomhlíonann na ceanglais thuas a mheas.

Ba chóir aon cheisteanna a bhaineann leis an bhfaisnéis bhreise shuntasach a chur ar aghaidh chuig Rannóg um Bonneagar Straitéiseach an Bhoird Pleanála (Teil: 01 8588100).

Féadfaidh duine bailíocht aon chinneadh ón mBord Pleanála a cheistiú ar mhodh iarratas ar athbhreithniú breithiúnach faoi Rialacha na nUaschúirteanna (agus, go háirithe, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna atá le fáil in I.R. 15 de 1986, arna leasú) agus de réir ailt 50, 50A agus 50B de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.

Is féidir teacht ar fhaisnéis phraiticiúil ar an meicníocht athbhreithnithe faoin teideal **'Eolas ar chásanna/Liostaí seachtainiúla- Athbhreithniú breithiúnach ar chinntí pleanála'** ar láithreán gréasáin an Bhoird, (www.pleanala.ie) nó ar láithreán gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh (www.citizensinformation.ie).

## N6 GALWAY CITY RING ROAD 2018
## ROADS ACT 1993 (AS AMENDED)
## PLANNING AND DEVELOPMENT ACTS 2000 TO 2019

**RE-ADVERTISEMENT IN RELATION TO THE SUBMISSION BY GALWAY COUNTY COUNCIL TO AN BORD PLEANÁLA ON 30th AUGUST 2019 OF SIGNIFICANT ADDITIONAL DATA IN RELATION TO CASE REFERENCE NUMBER ABP-302848-18**

In accordance with Section 51 (2) of the Roads Act 1993, as amended, Galway County Council made an application for approval to An Bord Pleanála on the 23rd October 2018 in relation to the proposed N6 Galway City Ring Road.

An Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and a Natura Impact Statement (NIS) were submitted as part of this application.

A further information response was lodged by the applicant with An Bord Pleanála on the 30th August 2019. The further information was deemed by An Bord Pleanála to contain significant additional data in relation to the likely effects on the environment of the proposed road development. A notice in relation to the further information response was published on 20th September 2019. This is a re-advertisement of the 20th September 2019 notice and relates to the exact same further information response that was referred to in the 20 September 2019 notice.

The further information response, together with the original application documentation, EIAR and NIS, may be inspected free of charge or purchased on payment of a specified fee (which fee shall not exceed the reasonable cost of making a copy) during public opening hours for a further period commencing on 6 December 2019 up to 24 January 2020 at the following locations:

The Offices of An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1.

The Offices of Galway County Council, Áras an Chontae, Prospect Hill, Galway.

The Offices of Galway City Council, City Hall, College Road, Galway.

Galway City Centre Library, St. Augustine Street, Galway.

Westside Library, Seamus Quirke Road, Galway.

Galway National Roads Project Office (Galway County Council), Corporate House, City East Business Park, Ballybrit, Galway.

The documentation may also be viewed/downloaded on the following website links:

- An Bord Pleanála's website at www.pleanala.ie/casenum/302848.htm
- www.n6galwaycityringroad.ie

Submissions or observations in relation to the further information response may be made to An Bord Pleanála (The Board), 64 Marlborough Street, Dublin 1 relating to:

i. The implications of the proposed road development for proper planning and sustainable development.

ii. The likely effects on the environment of the proposed road development.

iii. The likely significant effects of the proposed road development on a European site, if carried out.

Any submissions/observations must be accompanied by a fee of €50 (except for certain prescribed bodies). There is no fee required to make a submission for those parties/individuals who have already made a valid written submission to the Board regarding the application. Submissions or observations must be received by the Board no later than 5.30 p.m. on the 24 January 2020. Such submissions/observations must also include the following information:

i. The name of the person making the submission or observation, the name of the person acting on his or her behalf, if any, and the address to which any correspondence relating to the application should be sent.

ii. The subject matter of the submission or observation and

iii. The reasons, considerations and arguments on which the submission or observation is based in full.

Any submissions or observations which do not comply with the above requirements cannot be considered by the Board.

Any enquiries relating to the significant additional information should be directed to the Strategic Infrastructure Section of An Bord Pleanála (Tel: 01 8588100).

A person may question the validity of a decision by the Board by way of an application for judicial review under the rules of the Superior Courts (and in particular Order 84 of the Rules of the Superior Courts contained in S.I. No. 15 of 1986, as amended) and in accordance with section 50, 50A, and 50B of the Planning and Development Act, 2000, as amended.

Practical information on the review mechanism can be accessed under the heading **'Information on cases/ Weekly lists – Judicial review of planning decisions'** on the Board's website (www.pleanala.ie) or on the Citizens Information Service website (www.citizensinformation.ie).

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie**

**customerservices@galwayco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo**

***C. Delaney, Rúnaí Contae Gníomhach***

Irish Indo 25x6 255mm

cm